# CAMPA SPRAOI CHOIS FHARRAIGE

Tá Campa Spraoi na Cásca á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga arís i mbliana! Beidh an campa ar siúl ón 2-5 Aibreán (Dé Máirt - Dé hAoine), sula bhfilleann na gasúir ar scoil tar éis saoire na Cásca. Beidh an campa feiliúnach do ghasúir ó 7-10 mbliana d'aois, beidh sé ar siúl ó 10-2i.n. chuile lá agus tá costas de €30 ar an gCampa Spraoi. Cosúil leis an mbliain seo caite, beidh cúpla lá spraíúla againn, ag plé leis an ealaín, ceardaíocht, eolaíocht, cluichí, ceol, bácáil agus turas nó dhó ag an trá, má tá an aimsir linn! Le do ghasúr a chlárú don champa, ní mór teagmháil a dhéanamh le Saoirse ag opt2choisfharraige@gmail.com lena áit/háit a chur in áirithe.
Tá líon na spásanna teoranta.

# CEARDLANNA DRÁMAÍOCHTA CHOIS FHARRAIGE

Tá téarma nua de Cheardlanna Drámaíochta á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Cuirfear tús leis an téarma nua seo ar an Máirt 30 Eanáir agus beidh na ceardlanna ar siúl ó 4:30-6i.n. ag Seanscoil Sailearna. Is don aoisghrúpa 7-12 atá na ceardlanna seo. Tá costas de €70 ar an gcúrsa seo. Tá ceardlanna drámaíochta An Fhóraim ag dul ó neart go neart agus tá muid ag súil le fáilte a chur roimh na haisteoirí óga arís do théarma an Earraigh! Le do ghasúr a chlárú do na ceardlanna, ní mór teagmháil a dhéanamh le Saoirse ag opt2choisfharraige@gmail.com Tá líon na spásanna teoranta.



